



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills**

**INSTITIÚID ARD-LÉINN BHAILE ÁTHA CLIATH
DUBLIN INSTITUTE FOR ADVANCED STUDIES**

LÉIRIÚ SPÉISE IN AINMNIÚCHÁN MAR

CHATHAOIRLEACH CHOMHAIRLE NA hINSTITIÚIDE

**CATHAOIRLEACH BHOIRD CHEANNAIS SCOIL AN LÉINN CHEILTIGH,
SCOIL NA FISICE TEOIRICIÚLA AGUS SCOIL NA FISICE COSMAÍ**

**BALLRAÍOCHT DE BHOIRD CHEANNAIS SCOIL AN LÉINN CHEILTIGH,
SCOIL NA FISICE TEOIRICIÚLA AGUS SCOIL NA FISICE COSMAÍ**

Tá léiriú spéise á lorg ó iarrthóirí cuícháilithe a d'oirfeadh lena n-ainmniú mar Chathaoirleach Chomhairle Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, mar Chathaoirleach Bhord Ceannais ceann de thrí Chomhscoil na hInstitiúide, nó mar bhall de Bhoird Cheannais thrí Chomhscoil na hInstitiúide.

An Cúlra leis an Institiúid

Is éard atá in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath eagraíocht neamhspleách, a fhaigheann cuid dá cistiú ón Stát, chun taighde a dhéanamh i ndisciplíní bunúsacha.

Is corparáid reachtúil í Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath a bunaíodh faoin Acht um Institiúid Ard-Leighinn 1940.

Déanann an Institiúid, trína Comhscoileanna, buntaighde i réimsí speisialaithe eolais. Is foilsitheoir acadúil é an Institiúid, agus foilsítear monaghraif leabhair agus irisleabhair sa Léann Ceilteach agus ar ard-ábhair eolaíochta.

Trí chomhscoil atá san Institiúid:

- is é is cúram do **Scoil an Léinn Cheiltigh** staidéar ar na teangacha agus ar an litríocht Cheilteach a chur chun cinn trí chlár imscrúdaithe, eagarthóireachta agus foilsitheoireachta;
- imscrúdaíonn foireann **Scoil na Fisice Teoiricí** prionsabail mhatamaiticiúla dhlíthe an dúlra;
- gabhann **Scoil na Fisice Cosmaí** do staidéar teoiriciúil, ríomhaireachtúil agus breathnaitheach ar an réalteolaíocht, ar an réaltfhisic agus ar an ngeoifisic chun cur lenár dtuiscint ar an gCosmas

I ngach Scoil déantar scoláirí agus comhaltaí a thraenáil agus cuirtear meantóireacht ar fáil dóibh chun go gcuirfead le méid an tsaineolais, an chaipitil dhaonna agus na sainscileanna atá ar fáil in Éirinn.

Tá **an Chomhairle** freagrach as rialú ginearálta ghnóthaí riaracháin na hInstitiúide (lena n-áirítear gnóthaí airgeadais, bainistíocht riosca, comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus dea-chleachtas a mhaoirsiú). Tá ballraíocht na Comhairle leagtha amach in Acht 1940 agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin a cheapann Uachtarán na hÉireann ar chomhairle an Rialtais, triúr ball ex-officio (Propast Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Uachtarán an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann) agus seisear ball a cheapann Boird Cheannais na dtrí Scoil. Ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2025 a mhairfidh téarma na Comhairle.

Tá Bord Ceannais neamhspleách dá cuid féin ag gach Scoil, agus cúram air as taighde agus gnóthaí acadúla na Scoile a threorú. Ón 1 Aibreán 2020 go dtí an 31 Márta 2025 a mhairfidh téarma Bhoird Cheannais na dtrí Chomhscoil.

Gheofar tuilleadh eolais faoin Institiúid Ard-Léinn ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide ag www.dias.ie. Tá an plean straitéiseach is déanaí ón Institiúid le fáil ag: <https://www.dias.ie/2018/11/19/dias-strategy-2018-2022>.

Na daoine atá á lorg

Tá léiriú spéise á lorg faoi láthair ó iarrthóirí cuícháilithe idirnáisiúnta agus náisiúnta a d'oirfeadh lena n-ainmniú mar:

- Cathaoirleach Chomhairle Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

agus sna poist seo a leanas ar Bhoird Cheannais Thrí Chomhscoil na hInstitiúide:

- Cathaoirleach Bhord Ceannais Scoil an Léinn Cheiltigh
- Cathaoirleach Bhord Ceannais Scoil na Fisice Teoiriciúla
- Cathaoirleach Bhord Ceannais Scoil na Fisice Cosmaí
- 6 phost mar bhall de Bhord Ceannais Scoil an Léinn Cheiltigh
- 8 bpost mar bhall de Bhord Ceannais Scoil na Fisice Teoiriciúla
- 6 bpost mar bhall de Bhord Ceannais Scoil na Fisice Cosmaí

Ról neamhfheidhmiúchain is ea gach post Comhairle agus Boird.

Ba chóir na cáilíochtaí seo a leanas a bheith ag gach iarrthóir:

- taithí shuntasach agus taifead gnóthachtála sna réimsí acadúla agus taighde is ábhar don Institiúid agus dá Comhscoileanna.

Maidir le **Cathaoirleach Bhord Ceannais gach ceann de na Scoileanna i dtrácht**, tá sé inmhianaithe go mbeadh taithí ar bhallraíocht Boird nó ar dhul i gceannas ar Bhord ag gach iarratasóir, ach is den riachtanas é na nithe seo a leanas a bheith acu:

- Taifead gnóthachtála a aithnítear go hidirnáisiúnta i réimse acadúil nó taighde na comhscoile i dtrácht
- Taithí ar mhaoirsiú agus/nó ar bhainistíocht a dhéanamh ar aonad acadúil, agus
- Gach ceann de na hinniúlachtaí atá leagtha amach thíos d'iarrthóirí ar bhallraíocht Boird.

Maidir le **baill** Bhoird Cheannais na Scoileanna, beidh an taithí seo a leanas de dhíth:

I gcás **Scoil an Léinn Cheiltigh**, taithí ar phríomhréimsí an Léinn Cheiltigh is ábhar don Scoil; ar na réimsí sin tá teangeolaíocht na Luath-Ghaeilge agus na Nua-Ghaeilge, staidéar téacsúil agus an phailéagrafaíocht, an tsochaí agus institiúidí Éireannacha sna meánaoiseanna, fileolaíocht na Breatnaise agus na hInd-Eorpaise.

San **Fhisic Theoiriciúil**, bheadh cur amach agus taithí ar an taighde reatha is airde sa Mhatamaitic agus san Fhisic Theoiriciúil inmhianaithe.

San **Fhisic Chosmach**, i gcás na geofisice, taithí ar an tseismeolaíocht agus/nó ar theoiric na réimsí féideartha, agus ar an Athrú Córais Domhanda is bunús leis agus sa réalteolaíocht/réaltfhisic taithí ar fhoirmiú réalta, scairdeanna, an ghrianfhisic, an aimsir sa spás agus réalteolaíocht raidió.

Ba chóir taithí agus scileanna ginearálta a bheith ag iarrthóirí, taithí a bheidh ábhartha maidir le ballraíocht Bhord Ceannais Scoile/acadúil, agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach thíos, nó cuid díobh:

- cumarsáid
- rialachas corparáideach,
- taithí feidhmiúcháin, bhainisteoireachta nó ghairmiúil
- taithí airgeadais
- taithí acmhainní daonna
- taithí dhlí
- taithí riosca

Maidir le **Cathaoir na Comhairle**, tá sé inmhianaithe go mbeadh taithí ar bhallraíocht Boird nó ar dhul i gceannas ar Bhord ag iarratasóirí, ach is den riachtanas é go mbeadh na cáilíochtaí seo a leanas acu:

- Taifead gnóthachtála ag ardleibhéal oiriúnach ar straitéis mheántéarmach go fadtéarmach a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfeidhm agus maoirsiú a dhéanamh ar an bpróiseas sin in eagraíocht mhór san earnáil phoiblí nó phríobháideach
- Taithí phraiticiúil ardleibhéil ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta in eagraíocht phoiblí nó phríobháideach a bhfuil buiséad nó láimhdeachas mór bliantúil aici
- Taithí ar mhaoirsiú a dhéanamh ar chúrsaí rialachais, bainistíocht riosca agus comhlíonta;
- Léiriú a thabhairt go bhfuil acu an cumas suntasach ceannaireachta agus an taithí is gá chun ról an Chathaoirligh a chomhlíonadh.

I mBaile Átha Cliath a thionóltar cruinnithe na Comhairle agus Bhoird Cheannais na trí Scoil. Dhá chruinniú sa bhliain a bhíonn ann, ceann i mBealtaine agus an ceann eile i Samhain. Idir dhá uair an chloig agus ceithre uair an chloig a mhaireann gach cruinniú. Is gnách cruinnithe a thionól i Seomra an Bhoird i gceanncheathrú na hInstitiúide, 10 Bóthar Burlington, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Ní fhaigheann aon bhall de Chomhairle na hInstitiúide ná de Bhord Scoile aon íocaíocht taobh amuigh de thaisteal agus cothabháil.

Beifear ag súil go gcaithfidh an Cathaoirleach agus Baill na mBord Ceannais an oiread ama agus is gá ar dhualgais na Comhairle agus na mBord Ceannais chun na dualgais sin chomhlíonadh go cuí éifeachtach.

Ba chóir do Chathaoirleach agus do Bhaill na mBord Ceannais a bheith ar an eolas faoi fhorálacha ábhartha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Áirítear ar an gCód Cleachtais cur síos ar ról agus ar fhreagrachtaí baill bhoird.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Duine ar bith ar mhaith leo go gcuirfí san áireamh iad nuair a bheidh Cathaoirleach na Comhairle nó baill Bhoird Cheannais na gComhscoileanna á n-ainmniú, ba chóir dóibh litir chúlúdaigh agus curriculum vitae a sheoladh roimh 3.00 tráthnóna ar an 07 Feabhra 2020 chuig DIASboardvacancies@education.gov.ie.

NÓTA TÁBHACHTACH

Bí cúramach agus do léiriú spéise á chur isteach agat de bhrí gur gnách don Phainéal Measúnaithe a mholadh/a mholtaí a dhéanamh bunaithe ar na doiciméid a chuirtear isteach, mar sin ní mór a chinntiú go mínítear go soléir i do Litir Chúlúdaigh (agus i do CV tacaíochta) an tslí a gcomhlíonann do chúlra agus do thaithí riachtanais na bpost Boird a ndéantar tagairt dóibh sa leabhrán seo.

Cabhróidh sé sin linn a bheith cinnte go mbeidh an Painéal Measúnaithe ar an eolas chomh fada agus is féidir leis an mbonn le d'iarrthóireacht, agus leis an bhfáth go greideann tú go bhfuil tú oiriúnach le hainmniú ar aon cheann de na Boird seo.

Ní mór duit a dheimhniú, leis, nach bhfuil aon choimhlint leasa nó bac dlí ann a dhéanfadh difear do do chumas a bheith páirteach go hiomlán in obair an Bhoird. Ní mór duit a dheimhniú, leis, gur féidir leat tú féin a chur ar fáil le freastal ar chruinnithe agus chun dualgais bhall den Bhord a chomhlíonadh.

Ag brath ar an leibhéal spéise, is féidir go dtiomsófar gearrliosta mar chuid den phróiseas roghnúcháin de dhaoine a ghlaofar chun agallamh.

Agus ainmniúcháin á ndéanamh, agus ar aon dul le dea-chleachtas atá leagtha amach sna Treoirínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, is faoin Aire atá sé ainmniúcháin oiriúnacha, seachas iad siúd atá ar ghearrliosta, a bhreithniú, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-ainmní is dóichí a cheapfar na critéir shonraithe.

Cuirfidh an tAire san áireamh a inmhianaithe atá sé go mbeadh cothroime inscne ar an mBord de réir mar a mheasann an tAire a bheith cuí agus a chinneann sé/sí ó am go ham agus ceapacháin á ndéanamh.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, leasaithe, caithfear le gach iarratas mar iarratas faoi rún. Caithfear le gach ceist, iarratas agus le gach gné de na himeachtaí mar nithe atá go hiomlán faoi rún agus nach nochtar do dhuine ar bith, seachas iad siúd a bhfuil páirt dhíreach acu sa ghné sin den phróiseas.

Is féidir go n-asbhainfear míreanna airithe eolais, nach mbaineann go sonrath le haon duine ar leith, as taifid ríomhaireachta le haghaidh cuspóirí ginearálta staitistiúla.

Cosaint Sonraí

Geallann an Roinn Oideachais agus Scileanna do shonraí pearsanta a chosaint agus tabharfar aird ar shlándáil do chuid faisnéise, ag cloí le prionsabail trédhearcachta, cuntasachta agus slándála an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Má mheasúnaítear d'iarratas agus má mheastar go mbeifeá oiriúnach le cur san áireamh do cheapachán, coimeádfar do c.v. agus do litir chlúdaigh (agus aon fhaisnéis fhorlíontach a iarradh mar chuid den phróiseas iarratais) go ceann bliana tar éis an cheapacháin/na gcheapachán. Ach amháin má iarrann tú go ndéanfaí d'iarratas a aistarraingt, d'fhéadfaí na sonraí sin a úsáid chun d'oiriúnacht a mheas le haghaidh folúntas/ról den sórt céanna a thiocfadh chun cinn laistigh de thréimhse bliana ar na Boird seo.

Gheofar tuilleadh eolais ar na Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ag an [nasc](#) seo a leanas.

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Eanáir 2020